

## **FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA:**

### **‘CISTÍ INFHEISTÍOCHTA: NÍOR CRUTHAÍODH GO FÓILL LE GNÍOMHAÍOCTAÍ AN AONTAIS MARGADH AONAIR CEART A THÉANN CHUN TAIRBHE d’INFHEISTEOIRÍ’**

#### ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

##### **Freagraí ón gCoimisiún maidir leis an achoimre Feidhmiúcháin (mír I-X):**

Measann an Coimisiún go bhfuil creat láidir rialála agus maoirseachta ag an Aontas lena rialáítear cistí comhinfheistíochta, lena n-áirítear i réimse na cosanta infheisteoirí.

Maidir le cistí infheistíochta a tháirgtear d’infheisteoirí miondíola meastar ar fud an domhain gurb í Treoir GCUÍ an caighdeán óir. Meastar na rialacha cosanta infheisteoirí a leagtar síos in AIFMD mar roinnt de na rialacha is déine agus measann roinnt daoine fiú go bhfuil an iomarca cosanta ann le haghaidh infheisteoirí gairmiúla.

Tá creat cosanta forbartha ag an Aontas i ndáil le haslacha d’fhonn coinbhleachtaí leasa a chosc. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag ullmhú straitéis infheistíochta miondíola le haghaidh dheireadh 2022 ar ina comhthéacs a seoladh comhairliúchán poiblí cheana lena gcumhdaítear aslacha agus caighdeán na comhairle.

Áiríthítear leis an gClár Oibre maidir le Rialáil níos Fearr de chuid an Choimisiúin reachtóireacht an Aontais atá fianaise-bhunaithe agus trédhearcach agus leagtar amach ann prionsabail a leanadh i bhforbairt agus athbhreithniú na gníomhartha reachtacha lena rialáítear cistí infheistíochta.

Tar éis iniúchadh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ghlac an Coimisiún bearta áirithe nó chuir an tAontas na bearta áirithe sin chun feidhme, ach níl difear déanta ag na bearta sin go fóill. Mar sin, ní fhéadfaí na hathruithe sin a chur san áireamh leis an iniúchadh seo.

Leis na tograí reachtacha a rinneadh le déanaí a ghlac an Coimisiún an 25 Samhain 2021 lena leasaítear AIFMD, UCITSD agus ELTIFR, tugtar aghaidh ar chuid mhaith saincheistanna a cuireadh chun suntais sa tuarascáil iniúchóireachta sin agus ar shaincheistanna eile. Ní bheifear in ann buntáistí na dtionscnamh seo a mheas ach tar éis 6-7 bliana. Braitheann an t-uainiú beacht ar fhad na bpléití sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa roimh ghlacadh na leasuithe a beartaíodh le déanaí. A luaithe a ghlacfar iad, ní mór do na Ballstáit na rialacha nua a thrasú, rud a tharlóidh 2 bhliain tar éis an ghlactha. Ina dhiaidh sin, ní mór taithí a fháil ar chur i bhfeidhm na rialacha nua agus ní mór sonraí leordhóthanacha agus ábhartha a bhailiú, rud ar cheart dó 3 bliana ar a laghad a thógáil, a mbeidh iomlán de 6-7 bliana ó inniu mar thoradh air.

Maidir le gníomhaíochtaí trasteorann, measann an Coimisiún go n-úsáidtear an pas cuideachta bainistíochta go forleathan. I líon áirithe Ballstát, cistí trasteorann a chuirtear chun cinn ag soláthraithe eachtracha atá in 40 % de chistí infheistíochta (figiúr 6 sa tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa). Aontaíonn an Coimisiún gur féidir nach bhfuil infheisteoirí in ann tairbhe iomlán a bhaint as gníomhaíochtaí trasteorann mar gheall ar bhacainní áirithe atá fós ann. Cé go ndeachthas i ngleic le cuid maith de na bacainní sin leis an bpacáiste um dháileadh trasteorann cistí, ní féidir a éifeachtaí dearfacha a d’fhéadfadh a bheith ann a mheas go fóill toisc nár tháinig an pacáiste i bhfeidhm ach i mí Lúnasa 2021. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bpacáiste sin in 2024, mar a chinn na comhreachtóirí. Ina theannta sin, ní féidir aghaidh a thabhairt ar dhálaí margaidh agus roghanna beartais áirithe le dlí an Aontais, amhail cánachas, éileamh áitiúil agus cásanna ina roghnaíonn bainisteoirí sócmhainní a gcistí infheistíochta a dháileadh.

A mhéid a bhaineann le sonraí maoirseachta, tá an Coimisiún ag obair ar tuairisciú maoirseachta feabhsaithe i ngach earnáil airgeadais, lena n-áirítear comhroinnt sonraí idir údaráis, agus ghlac an Coimisiún straitéis sonraí maoirseachta an 15 Nollaig 2021. Tá tuairisciú feabhsaithe in earnáil na

gcistí infheistíochta ina chuid den straitéis sin agus den togra chun AIFMD agus UCITSD a leasú a ghlac an Coimisiún an 25 Samhain 2021.

I ndáil le rialachas agus obair cóineasaithe ESMA, baineadh feabhsaithe suntasacha amach leis an athbhreithniú deireanach ó ESA, cé nár choinnigh na comhreachtóirí gach ceann de na tograí tosaigh ón gCoimisiún. Tháinig na hathruithe sin i bhfeidhm in 2020 agus tá gá le breis ama chun a n-éifeachtúlacht a mheas agus chun cás a dhéanamh le haghaidh caibidlíocht maidir le struchtúr rialachais ESMA a athoscailt.

VIII. Ní ghlacann an Coimisiún le moladh 1.a), glacann sé go páirteach le moltaí 1.b) agus 3.a), glacann sé le moltaí 2.a) agus 5 agus tagraíonn sé do na freagraí mionsonraithe faoi gach moladh.

## BARÚLACHA

### **Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 24 agus 25:**

Maidir leis an measúnú ar mhéid chomhchuíbhiú na ndlíthe náisiúnta is infheidhme maidir le cistí comhinfeistíochta agus lena mbainisteoirí, ba mhian leis an gCoimisiún a chur i dtábhacht go mbraitheann rogha na n-ionstraimí reachtacha ar an gConradh. I gcás inar féidir, úsáideann an Coimisiún Rialacháin (mar shampla le haghaidh EuVECA, EuSEF, ELTIF, MMF). Os a choinne sin, ní féidir rochtain ar chearta margaidh agus cearta bunáochta a rialáil trí Rialacháin i bhfianaise airteagal 53 de CFAE agus i bhfianaise cúiseanna comhréireachta idirghabháil an Aontais. Dá bhrí sin, leagtar síos sna Treoracha na coinníollacha le haghaidh rochtain ar mhargadh inmheánach GCUIanna agus BCIManna. Cé go bhfuil lánrogha leathan ag na Ballstáit maidir le trasú Threoracha an Aontais, d'fhéadfadh rialacha náisiúnta níos doichte a bheith fós i gcomhréir le cuspóirí agus paraiméadair choincréiteacha de dhlí an Aontais.

27. Is ar na húdaráis maoirseachta náisiúnta a luíonn an phríomhfhreagracht chun cur i bhfeidhm ceart na rialacha i gcásanna coincréiteacha a áirithiú. Díríonn an Coimisiún a ngníomhaíochtaí forfheidhmithe ar chur chun feidhme dhlí an Aontais agus ar shárúithe líomhnaithe air sin ag na Ballstáit. D'fhonn dáileadh trasteorann cistí infheistíochta a fheabhsú tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí atá sna córais dlíthiúla náisiúnta le comhchuíbhiú breise ar leibhéal an Aontais.

28. An mhoill maidir le Treoir GCUIanna a athbhreithniú, tharla sí de bharr nár mhór an t-athbhreithniú ar na forálacha maidir le smachtbhannaí a chur ar athlám toisc nach raibh ach faisnéis theoranta ar fáil in 2017 maidir le húsáid smachtbhannaí ag na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar an ábhar sin go luath toisc gur cuireadh níos mó faisnéise ar fáil idir an dá linn. Mar a luadh cheana, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar AIFMD agus, a mhéid is ábhartha, ar Threoir GCUI, athbhreithniú a raibh togra reachtach a glacadh i mí na Samhna 2021 mar thoradh air.

29. Measann an Coimisiún gur léiríodh go bhfuil creat dlíthiúil foriomlán an Aontais le haghaidh bainistíocht sócmhainní oiriúnach agus éifeachtach chun na cuspóirí atá á saothrú le haghaidh margadh inmheánach éifeachtach a bhaint amach. Déantar athbhreithniú air go rialta d'fhonn easnaimh a aithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

Chun mionsonraí a fháil, féach an freagra ar Mholadh 1 (a).

33. De bharr gur tugadh fógra déanach maidir le bearta trasuite ag na Ballstáit, dúnadh an cás deireanach um shárú le haghaidh sárú cumarsáide maidir le bearta trasuite AIFMD in 2018 (níos mó ná 4 bliana tar éis spriocdháta trasuite AIFMD i mí Iúil 2013). Cuireadh deireadh le seiceálacha comhréireachta AIFMD i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ar an gcuma chéanna, níor achtaigh 16 Bhallstát na leasanna ar Threoir GCUI ó 2014 in am. Dúnadh an cás deireanach um shárú in 2019, 3 bliana tar éis an spriocdháta le haghaidh trasuí i mí an Mhárta 2016.

47. Sa togra le déanaí uaidh an 25 Samhain 2021 lena leasaítear AIFMD agus UCITSD, molann an Coimisiún go ndéanfaidh ESMA athbhreithniú piaraí go rialta ar chleachtais mhaoirseachta i ndáil le

cur i bhfeidhm na rialacha maidir le tarmligean, a mbeidh béim ar leith aige ar chruthú eintiteas bosca poist a chosc.

54. Maidir le tarmligean (an fhéidearthacht go dtarmligfidh cuideachtaí bainistíochta feidhmeanna chuig tríú páirtithe), áirítear sa togra ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar AIFMD a glacadh an 25 Samhain 2021, roinnt tograí a fhéachann leis na rialacha atá in AIFMD agus UCITSD cheana a shoiléiriú agus le comhar maoirseachta a fheabhsú.

Cuirtear ar fáil sa togra soiléireacht fheabhsaithe ar na rialacha maidir le tarmligean agus áirithítear leis go gclofadh bainisteoirí cistí le hardchaighdeán is infheidhme ar fud an Aontais, nuair a bhaineann siad úsáid as tarmligean. Is é is aidhm do shoiléirithe breise a áirithiú go gcuirfidh bainisteoirí cistí na hacmhainní is gá i ngníomh chun cúraimí coinnithe a dhéanamh agus chun maoirseacht a dhéanamh ar na cúraimí tarmligthe.

72. Tá rochtain ag infheisteoirí miondíola san Aontas ar chistí infheistíochta a bhfuil a sainchónaí san Aontas, ar choinníoll go gcomhlíonann na cistí sin coinníollacha áirithe.

Is é is aidhm do na rialacha atá i gceist cosaint tomhaltóirí agus muinín na n-infheisteoirí miondíola sa mhargadh airgeadais a neartú, agus cothrom na Féinne a chruthú idir táirgí éagsúla agus bealaí dáileacháin éagsúla ag an am céanna.

78. Le rialacha nocha nua le haghaidh na dtáirgí infheistíochta uile a thairgtear d'infheisteoirí miondíola, cuireadh feabhas ar thrédhearcacht le blianta beaga anuas. Leanann an Coimisiún ar aghaidh lena iarracht chun inchomparáideacht infheistíochtaí miondíola a mhéadú tuilleadh agus chun iomaíochas a spreagadh, rud a mbeadh coinne leis dá réir sin go n-imreodh sé tionchair ar phraghas, ar thoradh agus ar rioscaí na n-infheistíochtaí sin.

Ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh, dréachtóidh cistí infheistíochta miondíola Doiciméad Faisnéis Bunriachtanaí i gcomhréir le Rialachán PRIIPanna 1286/2014, agus le Rialachán PRIIPanna Tarmligthe ón gCoimisiún 2017/653. Le hardchaighdeán PRIIPanna maidir le nochtadh a bhfuil na modheolaíochtaí ríofa ina mbonn taca leis, ligfear d'infheisteoirí miondíola/comhairleoirí/suíomhanna comparáide UCITS, CIManna miondíola agus táirgí PRIIPanna eile, amhail táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe, cineálacha éagsúla bannaí corparáide, díorthaigh etc., a chur i gcomparáid le chéile.

80. An dara fleasc - Leis an togra ón gCoimisiún lena leasaítear AIFMD agus UCITSD a glacadh an 25 Samhain 2021 éilítear freisin tuairisciú níos mionsonraithe agus níos tréimhsiúla ar tháillí.

### **Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 82 agus 83:**

Bhí an Coimisiún an-ghníomhach i réimse an airgeadais inbhuanaithe. Ó glacadh an plean gníomhaíochta maidir leis an airgeadas inbhuanaithe ag an gCoimisiún in 2018 tá an iliomad gníomhaíochtaí tagtha chun cinn cheana nó faoi lánseol lena ndéantar, i measc cuspóirí eile, aghaidh a thabhairt ar an nglas-snasú. Thug an Coimisiún isteach ceanglais maidir le nochtadh le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe agus ar tionchar inbhuanaitheachta na n-infheistíochtaí agus rinne sé togra chun rialacha tuairiscithe inbhuanaitheachta a neartú, áiritheofar leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht go nochtfaidh cuideachtaí ailníú a ngníomhaíochtaí leis an tacsanomaíocht. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar iontaofacht, inchomparáideacht agus thrédhearcacht rátálacha ESG. Mar chuid den Straitéis chun an tAistriú a Mhaoiniú, déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ó ÚMEnna, faireachán ar rioscaí glas-snasaithe agus déanfaidh sé tuilleadh gníomhaíochta más gá, i.e. measúnú a dhéanamh ar na huirlisí maoirseachta agus forfheidhmíthe reatha atá ar fáil d'údarais inniúla agus an gá le ról comhordúcháin agus cóineasaithe níos láidre ag ÚMEnna nó le leasuithe eile ar reachtaíocht an Aontais a mheas.

### **Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 89 go 93:**

Tá creat cosanta forbartha ag an Aontas i ndáil le haslacha d'fhonn coinbhleachtaí leasa a chosc (féach níos mó sonraí faoin bhfreagra ón gCoimisiún ar Mholadh 3.a).

Tá straitéis infheistíochta miondíola á hullmhú freisin ag an gCoimisiún do dheireadh 2022.

I mí na Bealtaine 2021, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí maidir le straitéis de chuid an Aontais le haghaidh infheisteoirí miondíola, lena gcumhdaítear aslacha agus caighdeán na comhairle.

97. Mhol an Coimisiún le déanaí an tsraith uirlisí bainistíochta leachtachta a chomhchuihbhiú chun bainistíocht riosca leachtachta ag bainisteoirí cistí infheistíochta neamhshonraithe (CIManna agus GCUIanna) a éascú níos fearr d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na moltaí ón mBord Eorpach um Riosca Sistémach (BERS) agus ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA).

### **Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 113 go 126:**

Is iad caighdeánú sonraí agus inchomparáideacht sonraí a bailíodh faoi chreataí tuairiscithe éagsúla ceann de na ceithre bhloc tógála lárnacha de nuachóiriú an tuairiscithe maoirseachta faoi straitéis an Choimisiúin maidir le sonraí maoirseachta i seirbhísí airgeadais an Aontais, a glacadh an 15 Nollaig 2021.

Mar chuid den straitéis, maidir le hearnáil na gcistí infheistíochta, sa togra le haghaidh athbhreithniú AIFMD agus na tograí a ghabhann leis a bhaineann le UCITSD a glacadh i mí na Samhna 2021, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) a chumhachtú chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí ó bhainisteoirí cistí infheistíochta malartacha agus chun comhchuihbhiú a dhéanamh ar cheanglais tuairiscithe sonraí do ghnóthais le haghaidh comhinfeistíochtaí in urrúis inaisrithe (GCUIanna), agus a cheadú do ESMA sonraí níos mionsonraithe a fháil.

Sula ndéanfar teimpléid tuairiscithe nua a leasú nó a fhorbairt, ceanglaítear ar ESMA measúnú teicniúil a dhéanamh, ag obair dó le BCE agus ÚEÁPC. Is é cuspóir an mheasúnaithe comhsheasmhacht a áirithiú le ceanglais eile tuairiscithe le haghaidh cistí infheistíochta, lena n-áirítear go háirithe na sonraí atá bailithe cheana féin ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais chun críocha staidrimh.

Mar chuid den straitéis sonraí maoirseachta thuas, foráiltear sa togra ó mhí na Samhna 2021 lena leasaítear UCITSD gur cheart go bhfeabhsófar bailiú agus roinnt faisnéise trí thuairisciú maoirseachta trí GCUIanna a chur faoi réir cheanglais tuairiscithe maoirseachta.

122. Maidir le húsáid aitheantóirí coiteanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta (lena n-áirítear LEI), rud atá bunriachtanach chun comhsheasmhacht sonraí a áirithiú, is cuid den straitéis sonraí maoirseachta sin í a chur chun cinn. Molfaidh an Coimisiún leasuithe i gcreataí tuairiscithe ábhartha chun a cheangal go córasach go ndéanfadh eintitis a bhfuil LEI acu tuairisciú ina leith agus tuairisc a thabhairt, faoi 2023, maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh an LEI éigeantach le haghaidh réimse níos leithne d'eintitis dhlíthiúla, i gcomhréir le moladh BERS.

In earnáil na gcistí, agus de réir an togra maidir le hathbhreithniú AIFMD agus de réir na dtograí a ghabhann leis a bhaineann le UCITSD, tá sé beartaithe go mbeidh an ceanglas chun LEI (nó aitheantóirí eile) a úsáid nó chun tuairisciú orthu ag Leibhéal 2, agus tabharfar le téacs Leibhéal 1 na cumhachtuithe chun na caighdeáin ábhartha theicniúla a shainmhíniú, lena n-áirítear ar aitheantóirí ar nós LEI.

### **CONCLUÍDÍ AGUS MOLTAÍ**

127. Measann an Coimisiún go bhfuil an creat leordhóthanach foriomlán agus go bhfuil feabhas á chur air ar bhonn leanúnach (féach thíos). Mar sin féin, níl an margadh aonair le haghaidh cistí infheistíochta iomlán go fóill, agus sin i ngeall ar thosca seachtracha nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu le dlí an Aontais freisin.

128. Measann an Coimisiún gur tugadh aghaidh ar na príomhbhacainní dlíthiúla atá fágtha ar dháileadh trasteorann cistí infheistíochta tríd an bPacáiste um dháileadh trasteorann cistí, a tháinig i bhfeidhm i mí Lúnasa 2021. Ina theannta sin mhol an Coimisiún le déanaí athbhreithnithe ar AIFMD, UCITSD agus ELTIFR. Ní féidir torthaí na dtionscnamh sin uile a mheas go fóill.

## **Moladh 1 – Oiriúnacht an chreata atá ann cheana chun na cuspóirí inmhianaithe a bhaint amach a mheas**

### **Ní ghlacann an Coimisiún le moladh 1a.**

Measann an Coimisiún gur léiríodh go bhfuil creat dlíthiúil foriomlán an Aontais le haghaidh bainistíocht sócmhainní oiriúnach agus éifeachtach chun na cuspóirí atá á saothrú le haghaidh margadh inmheánach éifeachtach a bhaint amach. Déantar athbhreithniú air go rialta d'fhonn easnaimh a aithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tháinig an Pacáiste um dháileadh trasteorann cistí infheistíochta i bhfeidhm i mí Lúnasa 2021. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bpacáiste sin in 2024, mar a chinn na comhreachtóirí. Is é seo an deis is luaithe chun na buntáistí a d'eascair as an bpacáiste a mheas, trí chur leis na sonraí agus an taithí ábhartha i gcur i bhfeidhm na rialacha sin, nach féidir a bhreithmheas ach tar éis tréimhse áirithe ama, tar éis do na rialacha sin a theacht i bhfeidhm.

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar AIFMD agus ELTIFR le déanaí agus chuir an Coimisiún síos leasuithe spriocdhírthe ar AIFMD agus leasuithe a gabhann leo ar UCITSD, agus le ELTIFR chomh maith, i mí na Samhna 2021.

Ní mór faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí na n-athruithe reachtacha beartaithe agus ní mór iad a mheas de réir na bprionsabal maidir le Rialáil níos Fearr.

Creideann an Coimisiún nach mbeifear in ann an chéad mheastóireacht eile ar chreat bainistíochta sócmhainní an Aontais a dhéanamh ach tar éis 6-7 bliana ag brath ar an méid ama a theastaíonn ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa chun na leasuithe a beartaíodh le déanaí a ghlacadh. Braitheann an t-uainiú beacht ar fhad na bpléití sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa roimh ghlacadh na leasaithe a beartaíodh le déanaí. A luaithe a ghlacfar iad, ní mór do na Ballstáit na rialacha nua a thrasú, rud a tharlóidh 2 bhliain tar éis an ghlactha. Ina dhiaidh sin, ní mór taithí a fháil ar chur i bhfeidhm na rialacha nua agus ní mór sonraí leordhóthanacha agus ábhartha a bhailiú, rud ar cheart dó 3 bliana ar a laghad a thógáil, a mbeidh iomlán de 6-7 bliana ó inniu mar thoradh air. Idir an dá linn, ní chuireann an Coimisiún as an áireamh an fhéidearthacht chun leasuithe a mholadh ar rialacha táirge infheistíochta áirithe amhail rialacha maidir le nochtadh agus le cosaint infheisteoirí miondíola, atá á mbreithniú faoi láthair.

### **Glacann an Coimisiún go páirteach le moladh 1b.**

Téann gníomhaíochtaí tomhais feidhmíochta agus faireacháin feidhmíochta thar an tsraith táscairí, atá teoranta de riachtanas, a úsáidtear sa Phlean Straitéiseach. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na táscairí ina Phlean Straitéiseach i gcomhthéacs an chéad timthrialla pleanála straitéisí eile lena gcumhdaítear an tréimhse 2025- 2029.

132. Maidir leis an bhfaireachán ar an gcóineasú maoirseachta a dhírítear ar ESMA, measann an Coimisiún go bhfuil foinsí fianaise eile ann freisin a bhaineann lena úsáidí atá na huirlisí ullmhúcháin a úsáideann ESMA. Mar shampla, sa chomhairliúchán a rinneadh le déanaí maidir le cóineasú maoirseachta agus leis an leabhar rialacha aonair ([https://ec.europa.eu/info/consultations/finance-2021-esas-review\\_en](https://ec.europa.eu/info/consultations/finance-2021-esas-review_en)) mheas freagróirí sách dearfach rannchuidiú threoirilínte ESMA agus sheisiúin ceisteanna agus freagraí ESMA le cultúr maoirseachta comhchoiteann a thógáil.

## **Moladh 2 – Éifeachtacht obair cóineasaithe ESMA a fheabhsú**

### **Glacann an Coimisiún le moladh 2.**

In 2017 mhol an Coimisiún athruithe ar rialachas ESMA amhail Bord Feidhmiúcháin a chruthú a dhéanfadh cinntí ESMA de chineál maoirseachta (sárú ar dhlí an Aontais, réitigh díospóidí, athbhreithnithe piaraí). Níor choinnigh na comhreachtóirí na tograí sin.

## **Moladh 3 – Infheisteoirí a chosaint níos fearr ó chostais mhíchuí agus ó fhaisnéis mhíthreorach**

### **Glacann an Coimisiún go páirteach le moladh 3a.**

Measann an Coimisiún go bhfuil cistí infheistíochta ardrialaithe agus trédhearcach. Mar sin féin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar ról na n-aslach mar chuid dá straitéis infheistíochta miondíola bheartaithe. Cumhdófar réimse tionscnamh sa straitéis, tionscnaimh arb é is aidhm dóibh an leibhéal muiníne agus dearbhaithe is gá a chur ar fáil d'infheisteoirí miondíola. Beartaítear go gcomhlánófar an straitéis le tograí reachtacha. I mí na Bealtaine 2021, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí maidir le straitéis AE le haghaidh infheisteoirí miondíola, lena gcumhdaítear aslacha agus caighdeán na comhairle.

138. Mar a thuairiscítear i bhfreagraí an Choimisiúin ar mhíreanna 114 go 127, is iad caighdeánú sonraí agus inchomparáideacht sonraí a bailíodh faoi chreataí tuairiscithe éagsúla ceann de na ceithre bhloc tógála lárnacha de nuachóiriú an tuairiscithe maoirseachta faoi straitéis an Choimisiúin maidir le sonraí maoirseachta i seirbhísí airgeadais an Aontais, a glacadh an 15 Nollaig 2021.

Mar chuid den straitéis, maidir le hearnáil na gcistí infheistíochta, sa togra le haghaidh athbhreithniú AIFMD agus na tograí a ghabhann leis a bhaineann le UCITSD a glacadh i mí na Samhna 2021, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún ESMA a chumhachtú chun sonraí níos mionsonraithe agus níos comhsheasmhaí a bhailiú ó bhainisteoirí cistí infheistíochta malartacha agus chun comhchuibhiú a dhéanamh ar cheanglais tuairiscithe sonraí do GCUIanna.

### **Moladh 5 – Bailiú sonraí a chuíchóiriú agus córais tuairiscithe a nuashonrú**

#### **Glacann an Coimisiún le moladh 5**

Leis an togra ón gCoimisiún lena leasaítear Treoracha AIFMD agus GCUIanna a glacadh an 25 Samhain 2021, tugtar aghaidh ar na moltaí sin agus foráiltear leis bearta chun bailiú sonraí a fheabhsú agus a chuíchóiriú as seo amach. Tá sé sin ina chuid den straitéis ghinearálta maidir le sonraí maoirseachta a glacadh an 15 Nollaig 2021.